**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025***

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*


***(200 marc)***

***Dé hAoine, 13 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:30***

***(a)*** *Freagair **ceithre** cheist **ar bith**.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar na líníochtaí.*

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**1.** Taispeántar sa sceitse an balla seachtrach agus fuinneog ar theach cónaithe. Is blocbhalla coincréite 400 mm é an balla seachtrach agus tá cuas láninslithe ann. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Tá na toisí 120 mm × 80 mm ag fráma feistithe na fuinneoige agus tá briseadh teirmeach ann.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an gcuid uachtarach den fhuinneog. Taispeáin an balla, na lindéir choincréite, agus barrfhráma feistithe na fuinneoige.
Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla tógála ó leibhéal atá 400 mm faoi bhun na lindéar coincréite go leibhéal atá 400 mm os a gcionn.

Bíodh **trí** thoise thipiciúla san áireamh ar do líníocht.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla dearaidh a choiscfidh ar uisce báistí teacht isteach ag ceann na fuinneoige.

**2.** Taispeántar sa sceitse spás cónaithe atá á thógáil a bhfuil síleáil chlaonta air. Is mian le húinéirí an tí leibhéal ard inslithe a bheith sa tsíleáil chlaonta.




**(a)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le síleáil chlaonta an spáis cónaithe a ardinsliú.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe, agus taispeáin modh oiriúnach **amháin** leis an tsíleáil chlaonta a ardinsliú. Taispeáin ar do sceitse conas bailchríoch inmheánach a chur ar an tsíleáil.
Ainmnigh an saghas inslithe agus scríobh síos a thiús.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus as sceitse saorláimhe agus mol gné **amháin** a d’fhéadfaí a chur leis an tsíleáil chlaonta chun breis solas nádúrtha a ligean isteach sa spás cónaithe.

**3.** Is féidir sorn millíní adhmaid a úsáid chun radaitheoirí a théamh agus chun uisce te a sholáthar i dteach cónaithe.




**(a)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den teach a thugtar. Taispeáin ar do sceitse an phíbobair atá riachtanach chun **uisce te** a sholáthar ón sorn go dtí na radaitheoirí agus chun an t-uisce sa sorcóir a théamh.

Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:
- sorn millíní adhmaid
- sorcóir uisce te
- píbobair go dtí an sorcóir agus ar ais ón sorcóir
- soitheach / umar borrtha
- píbobair go dtí na radaitheoirí
- na pumpaí agus na comhlaí riachtanacha uile.

**(b)** Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le córas criosaithe téimh a chur isteach ionas gur féidir na radaitheoirí agus an t-uisce te a théamh neamhspleách ar a chéile.

**4.** Taispeántar san íomhá sliocht as léarscáil de shuíomh láithreáin. Is láithreáin iad **A** agus **B** atá á meas le haghaidh teach nua faoin tuath.




**(a)** Roghnaigh an suíomh is fearr leat, **A** nó **B**, agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**(b)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den láithreán a roghnaigh tú.
Taispeáin ar do sceitse do rogha maidir le:


- suíomh an tí
- bealach isteach go dtí an suíomh
- cabhsa go dtí an teach.

**(c)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le teach a thógáil faoin tuath.

**5.** Taispeántar sa sceitse cuid de staighre adhmaid a bhfuil stiall dhúnta ann agus ceann an staighre ar an gcéad urlár. Is é airde gach céime ná 170 mm. Ag ceann an staighre, tá urlár 20 mm ina bhfuil teanga agus eitre, ar ghiarsaí adhmaid 225 mm × 50 mm.

**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí lár na d**trí** chéim uachtair den staighre agus trí cheann an staighre. Taispeáin na céimeanna, an giarsa frámála, agus cuid de cheann an staighre.
Taispeáin fad 600 mm de cheann an staighre.

Bíodh **trí** thoise thipiciúla san áireamh ar do líníocht.



**(b)** Taispeáin ar do líníocht sonra dearaidh **amháin** a chinnteoidh nach mbeidh an staighre ag díoscarnach nuair a bheidh sé in úsáid.

**6.** **(a)** Bain úsáid as sceitse mór saorláimhe agus taispeáin an comhartha sábháilteachta do **gach** ceann de na píosaí trealaimh cosanta pearsanta (*PPE* i mBéarla) seo a leanas:

- veist shofheicthe
- buataisí sábháilteachta
- cosantóirí cluas.


Tabhair cúis shonrach **amháin** ar gá gach píosa trealaimh cosanta pearsanta a luaitear thuas a chaitheamh.



**(b)** Déan cur síos ar **dhá** riosca a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibrithe tógála nuair a bhíonn siad ag obair ar airde ar láithreán tógála.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar bheart sábháilteachta **amháin** ba chóir a bheith i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn rochtain shábháilte ag oibrithe tógála ar an díon nuair a bhíonn painéil ghréine á suiteáil acu.

**7.** Taispeántar dréacht-dearadh le haghaidh seomra oifige i ngairdín. Is de thógáil fráma adhmaid é an seomra oifige agus tá deicre adhmaid seachtrach ann.



**(a)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le fráma adhmaid a úsáid chun an oifig sa ghairdín a thógáil.

**(b)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den dearadh a thugtar agus taispeáin an suíomh is rogha leat do **gach** ceann díobh seo a leanas san oifig gairdín:

- deasc chúinne
- dhá fhuinneog
- aonad leabhragáin
- áit le suí.

Tabhair fáth **amháin** le **gach** suíomh a roghnaigh tú.


**(c)** Pléigh bhuntáiste **amháin** agus mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le hoifig gairdín a thógáil atá scoite ón teach.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- dúshraith raftúil
- balla stoda
- tairseach dhorais
- feiralt
- leibhéal léasair
- balastar
- buta uisce báistí
- cúrsa taisdíonach
- teirmeastat seomra.

**9.** Taispeántar sa sceitse cúl bungaló a tógadh sna 1970idí. Tá radharc ar chúlghairdín fairsing ón teach. Is mian le húinéirí an tí spás itheacháin/cónaithe lasmuigh a chruthú chun úsáid níos fearr a bhaint as a gcúlghairdín mór.

**(a)** Pléigh **dhá** chúis ar mian le húinéirí an tí spás itheacháin/cónaithe lasmuigh a chruthú.



**(b)** Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin **dhá** athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ag cúl an tí a dhéanfadh éasca na nithe seo a leanas:

- rochtain go dtí an gairdín ón teach
- spás itheacháin/cónaithe lasmuigh.

**(c)** Pléigh **dhá** úsáid eile a d'fhéadfadh teaghlach a bhaint as gairdín mór.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025**
**Leaving Certificate Examination, 2025**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 1 / Lá 1*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Desk Organiser
# Eagraí Deisce





Elevation/Aghaidhchló




End View/Taobhchló




Plan/Bonnchló




Shaping of the edges **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** na corra a chríochnú.

Slope of dovetail: 1:6


Claonadh an déid: 1:6



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Desk Organiser**
**Eagraí Deisce**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025**
**Leaving Certificate Examination, 2025**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 2 / Lá 2*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Desk Organiser
# Eagraí Deisce





End View/Taobhchló




Elevation/Aghaidhchló




Plan/Bonnchló




Shaping of the edges **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** na corra a chríochnú.

Slope of dovetail: 1:6


Claonadh an déid: 1:6



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Desk Organiser**
**Eagraí Deisce**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025**
**Leaving Certificate Examination, 2025**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 3 / Lá 3*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Desk Organiser
# Eagraí Deisce





Elevation/Aghaidhchló




End View/Taobhchló




Plan/Bonnchló




Shaping of the edges **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** na corra a chríochnú.

Slope of dovetail: 1:6


Claonadh an déid: 1:6



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Desk Organiser**
**Eagraí Deisce**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.